Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6634/26**

| | |
|---|---|
| **CONSOM 55** | **CLIMA 82** |
| **COMPET 228** | **ENV 158** |
| **MI 170** | **DIGIT 49** |
| **IND 134** | **TELECOM 84** |
| **ENT 36** | **SAN 105** |
| **JUSTCIV 29** | **AUDIO 30** |
| **EF 44** | **CYBER 78** |
| **ECOFIN 243** | **CHIMIE 21** |
| **TRANS 95** | **RC 5** |
| **ENER 86** | |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Feabhra 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6073/1/26 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le Clár Oibre 2030 do Thomhaltóirí (arna fhormheas an 26 Feabhra 2026) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Clár Oibre 2030 do Thomhaltóirí a d’fhormheas an Chomhairle ag an 4158ú cruinniú a bhí aici an 26 Feabhra 2026

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Clár Oibre 2030 do Thomhaltóirí**

Á MHEABHRÚ DI

– na conclúidí ón gComhairle a glacadh an 22 Feabhra 2021[1] maidir leis an 'Clár Oibre Nua do Thomhaltóirí'[2] agus

– na conclúidí ón gComhairle Eorpach a glacadh ag an gcruinniú a bhí aici an 23 Deireadh Fómhair 2025[3], inar leagadh béim, i measc ábhair eile, ar a thábhachtaí atá sé mionaoisigh a chosaint;

AGUS AIRD Á TABHAIRT AICI ar an tuarascáil maidir le todhchaí an Mhargaidh Aonair a thíolaic Enrico Letta[4], ina leagtar béim ar an ngá atá leis an Margadh Aonair a neartú chun tacú leis an iomaíochas agus leis an athléimneacht, ina n-aithnítear go dtreisíonn cosaint tomhaltóirí agus an t-iomaíochas a chéile agus go bhfuil muinín tomhaltóirí mar bhonn agus mar thaca ag feidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair, agus ina leagtar béim freisin ar an ngá atá le simpliú agus go bhfuil sé ríthábhachtach rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí a fheabhsú chun Margadh Aonair a oibríonn do chách a thógáil;

AG MEABHRÚ DI na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún dar teideal:

– 'Compás iomaíochais don Aontas Eorpach'[5]

– 'Bosca uirlisí cuimsitheach de chuid an Aontais don ríomhthráchtáil shábháilte inbhuanaithe'[6]

– 'An Margadh Aonair: ár margadh baile Eorpach i ndomhan éiginnte'[7]

AG MEABHRÚ DI Dearbhú na hIútlainne: Saol sábháilte ar líne a mhúnlú do mhionaoisigh;

---

1 IO 2021/C 154/05.
2 COM/2020/696 final.
3 EUCO 18/25.
4 Enrico Letta: ['Much more than a market' [Margadh Thar an gCoitiantacht].]
5 COM/2025/30 final.
6 COM/2025/37 final.
7 COM/2025/500 final.

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar na forbairtí geopholaitiúla atá ag tarlú faoi láthair agus an tionchar nach beag atá acu ar thomhaltóirí ar fud an Aontais, go háirithe sna Ballstáit is mó a ndéantar difear dóibh;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar na dúshláin a bhaineann le comhar idirnáisiúnta a bhaineann le hoibreoirí tríú tír agus le slabhraí soláthair domhanda, mar thoradh ar na forbairtí geopholaitiúla atá ag tarlú faoi láthair, a bhfuil tionchar nach beag acu ar thomhaltóirí freisin;

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI: na tairbhí atá ann do thomhaltóirí mar gheall ar an ngeilleagar digiteach, agus cineál uile-bhealaigh an chaidrimh idir gnólachtaí agus tomhaltóirí atá ag dul i méid, an éabhlóid thapa agus an úsáid mhéadaitheach a bhaintear as teicneolaíochtaí agus uirlisí digiteacha nua, amhail an Intleacht Shaorga (IS) ar fud na n-earnálacha;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ngá atá lena áirithiú go leanfaidh dlí tomhaltóirí an Aontais d'ardleibhéal cosanta tomhaltóirí agus cumhachtaithe tomhaltóirí a chur ar fáil sa timpeallacht dhigiteach i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha agus samhlacha gnó agus patrúin tomhaltais atá ag athrú go tapa;

AGUS É Á AITHINT AICI gur gá cosaint éifeachtach a áirithiú do thomhaltóirí atá neamhchosanta ar chleachtais dhíobhálacha agus ar rioscaí tromchúiseacha, go háirithe ar líne, agus Á CHUR IN IÚL DI gur cheart aird ar leith a thabhairt ar thomhaltóirí leochaileacha a chosaint, go háirithe mionaoisigh;

AGUS É Á AITHINT AICI, cé go meastar go bhfuil tomhaltóirí áirithe leochaileach, amhail mionaoisigh, daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta, gur rud dinimiciúil is ea leochaileacht tomhaltóirí agus go mbraitheann sí ar an gcomhthéacs;

AGUS É Á MHEABHRÚ AICI go bhfuil fás as cuimse tagtha ar an ríomhthráchtáil, rud a athraíonn go mór an chaoi a n-idirghníomhaíonn tomhaltóirí agus gnólachtaí; AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR an mborradh atá tagtha faoi tháirgí tomhaltais nach bhfuil sábháilte ná comhlíontach ar shlí eile atá i gcúrsaíocht sa Mhargadh Aonair, ar de thionscnamh lasmuigh den Aontas den chuid is mó iad agus a mhargaítear go minic trí theicnící míthreoracha agus ionsaitheacha a úsáid, go háirithe trí ardáin ar líne; AGUS É Á AITHINT AICI go gcuireann sé sin tomhaltóirí agus an comhshaol i mbaol, go méadaíonn sé tomhaltas acmhainní agus go nochtann sé gnólachtaí Eorpacha comhlíontacha d'iomaíocht éagórach;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na n-uirlisí digiteacha, amhail Pasanna Táirge Digiteacha agus IS, chun rialacha maidir le sábháilteacht táirgí agus cosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú, nósanna imeachta a chuíchóiriú agus ualaí ar ghnólachtaí agus ar údaráis a laghdú, agus aghaidh á tabhairt ar éagothromaíochtaí maidir le hacmhainneachtaí forfheidhmiúcháin agus neodracht theicneolaíoch á cur san áireamh;

AGUS É Á CHUR IN IÚL AICI gur cheart go gcabhrófaí le príomhchuspóirí an Aontais a bhaint amach trí chosaint agus oideachas tomhaltóirí a neartú, chomh maith le cothrom iomaíochta a chur chun cinn do ghnólachtaí: Margadh Aonair níos comhtháite, aistriú cothrom chuig geilleagar glas agus digiteach a chur chun cinn agus borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás eacnamaíoch le comhtháthú sóisialta;

AGUS É Á CHUR IN IÚL AICI gurb ionann an tomhaltas príobháideach agus níos mó ná leath de OTI an Aontais, rud a fhágann gurb é caiteachas tomhaltóirí an chomhpháirt aonair is mó; AGUS É Á CHUR IN IÚL AICI go mbíonn tionchar mór ag cinntí ceannaigh tomhaltóirí ar an ngeilleagar agus ar phoist;

AGUS É Á AITHINT AICI go bhféadfadh cleachtais tráchtála áirithe, mar atá táirgí tomhaltais a thairiscint gan faisnéis shoiléir fheiceálach a thabhairt do thomhaltóirí, drochthionchar a imirt ar thrédhearcacht praghsanna agus nach mbeadh cinntí eolasacha á ndéanamh ag tomhaltóirí dá mbarr;

AGUS É Á CHUR IN IÚL AICI go bhfuil infhaighteacht agus inacmhainneacht earraí agus seirbhísí inbhuanaithe lárnach ní hamháin d’fholláine na dtomhaltóirí agus do chosaint an chomhshaoil, ach d’iomaíochas fadtéarmach, neamhspleáchas straitéiseach agus athléimneacht mhéadaithe an Aontais freisin, agus gur cheart, dá bhrí sin, iad a spreagadh, rud a chuideodh le slabhraí luacha athléimneacha agus inbhuanaithe a thógáil;

AGUS É Á ATHDHEARBHÚ AICI nach mór cur chuige cothrománach a bheith ann maidir le beartas cosanta tomhaltóirí, atá comhtháite agus a chuirtear san áireamh agus beartais eile de chuid an Aontais á sainiú agus á gcur chun feidhme, i bhfianaise fhorálacha na gConarthaí maidir le cosaint tomhaltóirí;

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Samhain 2025 maidir le 'Clár Oibre 2030 do Thomhaltóirí agus plean gníomhaíochta do thomhaltóirí sa mhargadh aonair: 'Spreagadh nua do chosaint tomhaltóirí, don iomaíochas agus don fhás inbhuanaithe'[8], lena léirítear fís do bheartas tomhaltóirí an Aontais ó 2025 go 2030;

2. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá tomhaltóirí mar ghníomhaithe eacnamaíocha a spreagann iomaíocht, nuálaíocht agus dul chun cinn inbhuanaithe lena gcinntí ceannaigh; CUIREANN SÍ i dTREIS a thábhachtaí atá creat láidir cothrom cosanta tomhaltóirí, lena n-áirítear oideachas tomhaltóirí, chun muinín tomhaltóirí a choinneáil agus a mhéadú agus chun tacú le cinntí eolasacha tomhaltóirí, rud atá ríthábhachtach do gheilleagar rathúil. AITHNÍONN SÍ anuas air sin gné intreach shóisialta, chosantach agus chobhsaitheach an bheartais tomhaltóirí;

3. TACAÍONN SÍ leis na ceithre phríomhréimse tosaíochta de Chlár Oibre 2030 do Thomhaltóirí — an Margadh Aonair a chomhlánú: plean gníomhaíochta do thomhaltóirí, cothroime dhigiteach agus cosaint tomhaltóirí ar líne; tomhaltas inbhuanaithe, agus rialacha maidir le sábháilteacht táirgí agus sábháilteacht tomhaltóirí lena gcothaítear forfheidhmiú agus sásamh níos éifeachtaí; TACAÍONN SÍ leis an dá thosaíocht uileghabhálacha atá i gClár Oibre 2030 do Thomhaltóirí – tomhaltóirí a chosaint i gcásanna leochaileachta, an t-ualach riaracháin a shimpliú agus a laghdú, chomh maith leis na gníomhaíochtaí a ghabhann leis arb é is aidhm dóibh ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú agus a fheabhsú san Aontas, chun iomaíochas, cothroime shóisialta agus fás inbhuanaithe a chothú;

---

8 COM/2025/848 final.

4. AITHNÍONN SÍ go bhfuil bacainní gan údar sa Mhargadh Aonair, mar atá, deacrachtaí a bhíonn ann agus seirbhísí soghluaisteachta trasteorann á gceannach, srianta soláthair críochacha gan údar agus bacainní ar rochtain ar sheirbhísí airgeadais i mBallstát eile, rud a chuireann cosc ar thomhaltóirí leas iomlán a bhaint as na tairbhí a chuireann an Margadh Aonair ar fáil, agus is díol sásaimh di go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a chur san áireamh, ina mheastóireacht ar an Rialachán maidir le Geobhlocáil, go bhfuil bacainní sonracha fós roimh roinnt tomhaltóirí, go háirithe iad siúd a bhfuil cónaí orthu sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus earraí á gceannach acu; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a chur san áireamh freisin go mbíonn dúshláin shonracha roimh dhaoine a bhfuil cónaí orthu i limistéir áirithe ina mbíonn luaineachtaí séasúracha suntasacha sa daonra, gan dochar d'iomaíochas na hearnála turasóireachta ná na Conarthaí, agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus creat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana á gcur san áireamh;

5. MEABHRAÍTEAR DI go dtabharfar aird ar cheanglais maidir le cosaint an tomhaltóra agus beartais agus gníomhaíochtaí eile an Aontais á sainiú agus á gcur chun feidhme; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá comhleanúnachas, sineirge agus comhlántacht a áirithiú idir dlíthe cosanta tomhaltóirí an Aontais, go háirithe an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha[9] agus Creat Rialála Digiteach an Aontais, lena n-áirítear an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha[10], an Gníomh um an Intleacht Shaorga[11], Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc[12] agus an Gníomh um Margaí Digiteacha[13], chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus cothrom iomaíochta a choimirciú i ngach réimse sa timpeallacht dhigiteach;

---

9 Treoir 2005/29/CE.
10 Rialachán (AE) 2022/2065.
11 Rialachán (AE) 2024/1689.
12 Treoir 2010/13/AE.
13 Rialachán (AE) 2022/1925.

6. AITHNÍONN SÍ nach mór aghaidh a thabhairt ar bhearnaí rialála atá ann cheana, lena n-áirítear maidir le forfheidhmiú agus éiginnteacht dhlíthiúil ionchasach, ag tógáil ar thorthaí na Seiceála Oiriúnachta ar Dhlí Tomhaltóirí an Aontais maidir le Cothroime Dhigiteach[14] chun cosaint tomhaltóirí sa timpeallacht dhigiteach a neartú a thuilleadh i gcoinne cleachtais ar nós dearadh comhéadain meabhlach nó ionramhála (patrúin dhorcha), gnéithe dearaidh andúile, cleachtais achrannacha tionchairí, pearsantú éagórach lena ndéantar dúshaothrú ar leochaileachtaí tomhaltóirí, cleachtais phraghsála dinimiciúla neamh-thrédhearcacha agus gnéithe achrannacha eile i dtáirgí digiteacha; CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Gníomh um Chothroime Dhigiteach a mholadh chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ag tógáil ar chreat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana agus i sineirge leis; CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhféachtar leis an nGníomh um Chothroime Dhigiteach rialacha a shimpliú do ghnólachtaí freisin; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé nach mbeidh aon maorlathas nua míchuí ag baint le haon bheart;

7. AITHNÍONN SÍ cé go bhfágann saintréithe amhail aois nó míchumas roinnt tomhaltóirí leochaileach, gur coincheap dinimiciúil é leochaileacht tomhaltóirí, a d'fhéadfadh eascairt freisin as imthosca pearsanta díobhálacha, rud a threisíonn neamhshiméadrachtaí faisnéise agus míchothromaíochtaí struchtúracha i gcaidrimh gnólacht le tomhaltóir, má tá siad faoi réir dúshaothrú tráchtála éagórach, agus a d'fhéadfadh difear ábharach a dhéanamh d'iompar tomhaltóirí; MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT go bhféadfadh leochaileacht tomhaltóirí a bheith mar thoradh ar an ardchostas maireachtála, ar ábhar imní é do go leor tomhaltóirí, chomh maith le heaspa scileanna digiteacha nó litearthacht dhigiteach theoranta; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá cleachtais phraghsála neamh-thrédhearcacha a dhéanann difear d'earraí agus seirbhísí bunriachtanacha a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu, go háirithe le linn éigeandálaí a fhógraítear;

8. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá ardleibhéal cosanta a áirithiú do gach tomhaltóir, agus aird ar leith á tabhairt orthu siúd is leochailí, go háirithe mionaoisigh, a dteastaíonn coimircí feabhsaithe uathu sa timpeallacht dhigiteach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar chosaint mionaoiseach ar líne mar ullmhúchán don Ghníomh um Chothroime Dhigiteach;

---

[14] SWD(2024) 230 final

9. MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint dá chuid oibre maidir le tomhaltóirí a chumasú chun ról níos gníomhaí a bheith acu san aistriú i dtreo geilleagar ciorclach, trí thairiscintí ciorclacha atá sábháilte, inbhuanaithe, inacmhainne agus iontaofa a chur chun cinn, lena n-áirítear earraí athláimhe, deisithe, athchóirithe agus athmhonaraithe agus samhlacha táirge mar sheirbhís, trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní sóisialta agus iompraíochta ar a nglacadh, trí aghaidh a thabhairt ar shamhlacha gnó lena spreagtar róthomhaltas agus lena n-ardaítear ábhair imní maidir le hinbhuanaitheacht, trí réitigh ríomhthráchtála 'glasa trí dhearadh' a chothú agus trí rochtain éasca ar fhaisnéis ábhartha faoi tháirgí a chumasú trí Phasanna Táirge Digiteacha agus trí mheáin mharthanacha eile; MEABHRAÍTEAR DI go meastar gur cleachtais tráchtála éagóracha iad maímh mhíthreoracha chomhshaoil agus go bhfuil toirmeasc orthu cheana féin faoin Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, *inter alia*, a thábhachtaí atá cur chun feidhme na Treorach maidir le Tomhaltóirí a Chumhachtú don Aistriú Glas[15], lena dtugtar isteach rialacha sonracha chun a áirithiú go mbeidh maímh chomhshaoil agus lipéid inbhuanaitheachta soiléir, cothrom, intuigthe agus iontaofa, agus ar an gcaoi sin go mbeidh trádálaithe in ann oibriú ar bhonn cothrom agus a chur ar chumas tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh agus rannchuidiú le haistriú glas an Aontais chuig geilleagar ciorclach glan;

10. AONTAÍONN SÍ leis an aidhm agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú comhsheasmhach éifeachtach rialacha an Aontais maidir le sábháilteacht tomhaltóirí agus táirgí a neartú, IARRANN SÍ go mbeadh dlúthchomhar ann idir institiúidí an Aontais agus údaráis riaracháin agus bhreithiúnacha na mBallstát lena n-áirítear trí shineirgí idir uirlisí faireachais margaidh a neartú, agus trí rannpháirtíocht ghníomhach eagraíochtaí tomhaltóirí agus na ngníomhaithe margaidh ábhartha uile a chur chun cinn ar fud an tslabhra luacha, i gcás inarb infheidhme agus MOLANN SÍ do na Ballstáit úsáid ghníomhach a bhaint as an gcóras Safety Gate a bunaíodh leis an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí[16] chun táirgí neamhshábháilte a thuairisciú;

---

**15** Treoir (AE) 2024/825

**16** Rialachán (AE) 2023/988.

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil acmhainneacht ag IS maidir le cosaint tomhaltóirí agus forfheidhmiú sábháilteachta táirgí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faireachais margaidh, agus gur gá do na húdaráis a bheith in ann leas iomlán a bhaint as IS agus acmhainneachtaí forfheidhmiúcháin níos láidre a fhorbairt; MOLANN SÍ don Choimisiúin na hacmhainneachtaí digiteacha a neartú chun uirlisí imscrúdaithe nua-aimseartha a fhorbairt agus a oibriú d'údaráis forfheidhmithe agus faireachais margaidh, chomh maith le huirlisí atá dírithe ar mhionaoisigh a chosaint sa timpeallacht dhigiteach;

12. AITHNÍONN SÍ gur gá forfheidhmiú dhlí na dtomhaltóirí a neartú agus cothrom iomaíochta a áirithiú do ghnólachtaí, lena n-áirítear trí chomhordú feabhsaithe i measc na n-údarás náisiúnta, agus idir na húdaráis náisiúnta agus an Coimisiún, agus na córais éagsúla forfheidhmiúcháin sna Ballstáit á nAITHINT ag an am céanna; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá gníomhaíocht a dhéanamh chun forfheidhmiú a neartú, go háirithe i ndáil le sáruithe forleathana agus IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún athbhreithniú a mholadh ar an Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí[17] agus measúnú a dhéanamh ar roghanna éagsúla chun éifeachtacht an fhorfheidhmithe a fheabhsú, lena n-áirítear an fhéidearthacht cumhachtaí láraithe imscrúdaithe agus forfheidhmithe a bheith ann ar leibhéal an Aontais i gcásanna sonracha;

13. IARRANNN SÍ ar an gCoimisiún cur leis an gcomhar le tríú tíortha i dteagmhálacha déthaobhacha nó iltaobhacha, lena neartófaí an obair chomhpháirteach ar réimse leathan saincheisteanna maidir le cosaint tomhaltóirí, lena n-áirítear a áirithiú nach gcuirfear ach táirgí sábháilte ar an Margadh Aonair agus go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar tháirgí sábháilte a dhíoltar ar líne agus as líne, agus aird ar leith á tabhairt ar an méadú atá ag teacht ar líon na gcoinsíneachtaí ar luach íseal de thionscnamh tríú tíortha agus a dhíoltar ar líne, go háirithe trí na hardáin ar líne, agus a chruthaíonn dúshláin shonracha don fhaireachas margaidh, do rialuithe custaim agus don iomaíocht chóir;

---

**17** Rialachán (AE) 2017/2394.

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú, agus tionscnaimh nua á n-ullmhú aige, go gcaomhnófar cineál cothrománach dhlí na dtomhaltóirí, go n-áiritheofar comhleanúnachas agus comhlántacht leis na gníomhartha reachtacha atá ann cheana trí fhorluí a sheachaint, go ndéanfar measúnú cúramach ar an ngá atá le tograí reachtacha agus go mbeidh measúnuithe tionchair iomchuí mar bhonn taca le tograí i gcomhréir le prionsabail na rialála níos fearr, lena n-áirítear measúnú ar in-fhorfheidhmitheacht;

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú, agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí á choinneáil, go ndéanfar tionscnaimh nua a ailíniú le cuspóir uileghabhálach an Aontais maidir le simpliú agus nach mbeidh ualach riaracháin nach bhfuil gá leis mar thoradh orthu, go háirithe do FBManna, agus a áirithiú ag an am céanna nach mbeidh eisiamh tomhaltóirí mar thoradh ar réitigh dhigiteacha atá ceaptha chun an cuspóir sin a bhaint amach agus go mbeidh roghanna malartacha neamhdhigiteacha iomchuí fós ar fáil, nuair is gá;

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá rochtain éasca, inacmhainne agus éifeachtach ar shásamh do thomhaltóirí i gcás díospóide trí shásra nuachóirithe um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt do thomhaltóirí atá oiriúnach freisin do na margaí digiteacha dá bhforáiltear leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Réiteach Malartach Díospóidí[18] agus trí shásraí le haghaidh comhchaingne le haghaidh sásaimh dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Caingne Ionadaíocha[19];

---

[18] Treoir (AE) 2025/2647.
[19] Treoir (AE) 2020/1828.

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil ról gníomhach ag eagraíochtaí tomhaltóirí agus ag Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí mar ghníomhaithe tábhachtacha san fhorfheidhmiú, i gcás inarb infheidhme, agus i múscailt feasachta, maidir le leasanna tomhaltóirí a chosaint, agus maidir le faisnéis, oideachas agus tacaíocht a chur ar fáil do thomhaltóirí; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá oideachas tomhaltóirí, lena n-áirítear litearthacht airgeadais agus feasacht a mhúscailt maidir le roghanna ceannaigh, mar phríomhuirlis chun tomhaltóirí a chumhachtú, cuimsiú agus athléimneacht a fheabhsú, agus chun tacú le cinnteoireacht eolasach, go háirithe sna margaí digiteacha agus airgeadais; CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tuilleadh tacaíochta a thabhairt do ghluaiseacht na dtomhaltóirí mar dhlúthchuid de shochaithe daonlathacha, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá rannpháirtíocht leordhóthanach na sochaí sibhialta agus na n-eintiteas neamhspleách i gcur chun cinn leasanna na dtomhaltóirí;

18. TACAÍONN SÍ an cur chuige trasearnála iomlánaíoch a glacadh i gClár Oibre 2030 do Thomhaltóirí, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis chun an Margadh Aonair a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ríomhthráchtála agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé leasanna agus cumhachtú na dtomhaltóirí a chur san áireamh i ngach ceapadh beartais ábhartha;

19. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún creat rialachais gníomhach a áirithiú chun Clár Oibre 2030 do Thomhaltóirí a chur chun feidhme, trí chomhoibriú leis na Ballstáit, leis an tsochaí shibhialta agus leis na geallsealbhóirí eile go léir; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a úsáidí atá creat rialachais den sórt sin chun saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a oiriúnú agus chun freagairt dóibh ar bhealach solúbtha;

20. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá beartais chuimsitheacha náisiúnta tomhaltóirí atá i gcomhréir leis na tosaíochtaí agus a thacaíonn le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 do Thomhaltóirí, atá mar chuid de chur chuige coiteann treisithe maidir le cosaint tomhaltóirí ar fud an Aontais, agus ilroinnt rialála á cosc freisin; CUIREANN SÍ I dTREIS gur mó ná riamh a bhraitheann dea-fheidhmiú an Mhargaidh Aonair ar chóineasú na gcleachtas forfheidhmiúcháin, ar chomhroinnt uirlisí, sonraí agus saineolais agus ar an gcumas comhchoiteann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin trasteorann agus shistéamacha; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ról réamhghníomhach a ghlacadh chun tacú leis an gcur chuige sin trí chomhar struchtúrtha fadtéarmach a chothú, comhthiomsú acmhainneachtaí agus acmhainní a chur chun cinn, agus a áirithiú go dtabharfar tosaíocht leordhóthanach do chosaint tomhaltóirí ar fud an Aontais, agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú ag an am céanna.

---